Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 TP65
Telephone: +353-90-644 2700 Web: www.examinations.ie
Teileafón: +353-90-644 2700. Gréasán: www.examinations.ie.

S62/22

JUNIOR CYCLE EXAMINATION RESULTS 2022

TO THE BOARDS OF MANAGEMENT/AUTHORITIES OF SECOND-LEVEL SCHOOLS AND CHIEF EXECUTIVES ETB'S

1. The results of the 2022 Junior Cycle Examinations are enclosed. The documentation enclosed with this circular is as follows:

- A Statement of Provisional Examination Results for each candidate
- A matrix showing the results for each candidate in the school
- Supplementary Report Forms or a Nil Return report as appropriate - See Sections 5 & 10.
- Application for Review of Junior Cycle Results 2022 - See Section 7.

A letter from the Chief Executive Officer of the SEC seeking your support in the recruitment of examiners is also enclosed.

2. CANDIDATE INTERNET RESULT SERVICE

Candidates can also obtain their results online using their examination number and their Personal Identification Number (PIN) issued earlier. Online access, through www.examinations.ie, will be available from 4.00 pm on Wednesday 23rd November 2022. As previously noted, the online Junior Cycle results service is not intended to replace the valuable role played by schools in providing Junior Cycle results to candidates.

3. PROVISIONAL STATUS OF RESULTS – REQUIREMENT FOR CHECK BY SCHOOL AUTHORITY

2022 will be the first year that the revised Junior Cycle Grading System will be in place for all subjects that have been examined under the new Junior Cycle programme. These results are provisional and are subject to further check. School authorities are requested to examine the Statements of Provisional Examination Results carefully before giving them to candidates. Please inform the SEC immediately of any apparent discrepancy in the results. (**See also Sections 5, 10 and 13).**

4. JUNIOR CYCLE GRADING SYSTEM

This year marks the full return of externally delivered Junior Cycle examinations for all candidates and the first full year of examinations in the reformed Junior Cycle. Until 2019, only English, Science and Business had been examined under the reformed curriculum. Apart from Irish, English & Mathematics which are examined at Higher and Ordinary level all other Junior Cycle subjects are now at Common level.

The following table provides an explanation of Junior Cycle grading system.

	Junior Cycle	
Level	**Percentage**	**Grade**
Higher, Ordinary, Common	≥ 90 to 100	Distinction
Ard, Gnáth, Comhleibhéal	≥ 75 and < 90	Higher Merit
	≥ 55 and < 75	Merit
	≥ 40 and < 55	Achieved
	≥ 20 and < 40	Partially Achieved
	≥ 0 and < 20	Not Graded (NG)

5. SUPPLEMENTARY REPORT

A Supplementary Report is provided in respect of any candidate who has a result that is not based on all mandatory components of the subject and/or any candidate whose grade in a subject is accompanied by an explanatory note.

The Supplementary Report for the information of the candidate is printed on the reverse of the Statement of Provisional Examination Results. A separate copy is provided for retention in the school. The Supplementary Report highlights for candidates and schools all instances where, in a subject with more than one mandatory component, the grade awarded is not based on an aggregation of marks from each mandatory component. Details of the absent mandatory component appear on the Supplementary Report.

Where the information supplied on the Report conflicts with the position known to the school and candidate (e.g., the candidate was present and submitted work where an absence is attributed) the SEC should be contacted immediately by the School Principal or his/her representative on the Helpline Number (see Section 12 following).

As supplementary reports are prepared only in respect of some candidates, a school may not receive any individual candidate reports at all. In such cases the school will receive a confirmatory Nil Return.

6. ANNOTATIONS

Under the scheme of Reasonable Accommodations, it should be noted that certain access arrangements change the underlying basis of assessment and so can give rise to annotations on the results. Please note at this time that the Statements of Provisional Results, which candidates receive will not include these annotations. Annotations for the 2022 Junior Cycle examinations may be included on the final Junior Cycle Profile of Achievement when these documents issue in due course

7. APPLICATIONS FOR REVIEW OF RESULTS (APPEALS)

The following conditions apply to applications for a review of Junior Cycle results:

(i) The SEC does not accept appeal applications directly from candidates, parents or individual teachers.

(ii) Applications will be accepted only from the School Authority. The Principal (or authorised representative), must consider that the examination result attained by the candidate is significantly at variance with the school's considered judgement of the performance of the candidate concerned at the examination in question.

The application form can be downloaded here completed, scanned, and submitted to the SEC by the deadline by email. A valid appeal will require the signature of the Principal certifying that the appeal is warranted as set out at (ii) above.

The application form should state the examination number and name of each candidate for whom an appeal is considered warranted and the subject and level being appealed.

All applications for appeal should be emailed to appeals@examinations.ie no later than

5 p.m. on Wednesday 30th November, 2022

Applications received after that date will not be considered.

8. RETENTION OF MATERIAL

In the review process an appeal examiner (an experienced examiner not involved in marking the script originally), will undertake a review of the initial marking of the work submitted by the candidate in the examination. The appeal examiner will consider whether the mark awarded by the original examiner is correct and reasonable, in line with the marking scheme. If it is, the appeal examiner will award the same mark again. If it is not, the appeal examiner will award what they consider to be the correct mark.

It is essential that school authorities do not dispose of, or return to candidates, any practical or coursework pieces until the appeal process has fully concluded, even in instances where a candidate has not appealed a result in that subject, as the SEC may need access to the material during the appeals and related quality assurance processes. For that reason, the integrity of the examinations system requires that the material continue to be securely stored by the school.

9. JUNIOR CYCLE PROFILE OF ACHIEVEMENT

The reporting process at Junior Cycle this year will culminate in the award of the Junior Cycle Profile of Achievement (JCPA) to students. The JCPA will draw upon and report on achievement across all elements of assessment including Classroom-Based Assessments; Short Courses, Priority Learning Units and other areas of learning, as well as the SEC examination results.

The JCPA will report the final grades awarded by the SEC following the conclusion of the Junior Cycle appeals and related processes. However, to facilitate the production of the JCPA as soon as possible the SEC will provide the Department of Education with the provisional examination results. Therefore, changes in results following an appeal may impact the issue or re-issue of the final JCPA by schools.

Further information will be issuing to schools from the **Department of Education and Skills** regarding the arrangements for the production of the 2022 JCPA documents in schools.

The JCPA replaces the Junior Certificate and consequently the SEC no longer issues these certificates.

10. NAME AND DATE OF BIRTH

The SEC will be making the final Junior Cycle examination results information available to the Department of Education in the coming weeks to facilitate the production of the Junior Cycle Profile of Achievement.

The Name and Date of Birth shown on the enclosed Statements of Provisional Examination Results will appear on the final JCPA unless the SEC is advised of inaccuracies. Please check these details carefully and advise the SEC of any changes needed.

11. ACCESS TO EXAMINATION SCRIPTS

Under Data Protection legislation, candidates may obtain information including a copy of their examination script(s) from the SEC by making a data access request. Candidates can make a Subject Access Request using the form available from the Data Protection section of the SEC's website www.examinations.ie.

Under the legislation, the SEC, as a data controller, is required to respond to a data access request within 30 days of receipt of the request. However, the law also allows for this time period to be extended to 90 days

depending on the number and complexity of the requests received. The SEC processes one million written examinations scripts and another 1 million related examination components (practical and project work; oral tests; performances, etc.) every year. The SEC will endeavour to provide the requested information within 30 days and will notify applicants should it become necessary to extend the time limit to 90 days.

It should be noted that there is no connection between this process and the appeals process referred to above. Late appeals will not be accepted.

12. ADDITIONAL OBLIGATIONS ON SCHOOLS TO MAINTAIN DATA PRIVACY DUE TO GDPR REGULATIONS

As you are aware the General Data Protection Regulation and related Data Protection Act 2018 are in force. All records and documentations (Schools Results Matrix, Supplementary Reports, etc) containing candidates' personal data should be treated with absolute regard to confidentiality and security. Extreme care should be taken when accessing candidates' personal information when accessing the School Portal and or the hard copy of the School Matrix. There is now a requirement for organisations to report personal data breaches to the relevant 4 supervisory authority, where the breach presents a risk to the affected individuals. Where applicable the SEC will notify the Data Protection Commissioner (DPC) within 72 hours of Data breaches that are advised to the SEC. If in the course of accessing candidates' Provisional Results, you think there might be a possible Data Breach, please immediately contact the SEC Data Protection Officer by sending an e-mail to dpo@examinations.ie

13. HELPLINE FOR SCHOOLS - FREEPHONE NUMBER

School Authorities with enquiries about the results that they have received should contact the SEC on 090 6442702 or 090 64 42704.

This number will operate from Wednesday 23rd November and will deal with post result issue enquiries from school authorities.

In general, matters raised by candidates or their parents that necessitate contact with the SEC should be processed through the school authority concerned. Individual candidates or their parents who nonetheless wish to contact the SEC directly should be advised to call 090 6442826 or 090 6442700 (switchboard) or to send an e-mail to **info@examinations.ie**

Thank you for your co-operation.

Richard Dolan
Director, Operations Division
November 2022

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 TP65
Telephone: +353-90-644 2700 Web: www.examinations.ie
Teileafón: +353-90-644 2700. Gréasán: www.examinations.ie.

S62/22

TORTHAÍ SCRÚDUITHE NA SRAITHE SÓISEARAÍ, 2022

CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA/ÚDARÁIS SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL AGUS PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH NA BOO 'anna

1. Faigh iniata leis seo torthaí Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí, 2022. Is é seo a leanas na doiciméid atá iniata leis an gciorclán seo:

- Ráiteas de Thorthaí Scrúduithe Sealadacha do gach iarrthóir
- Maitrís a thaispeánann na torthaí do gach iarrthóir sa scoil
- Foirmeacha Tuairiscí Forlíontacha nó Toradh Nialais de réir mar is cuí – Féach Codanna 5 & 10.
- Iarratas ar Athbhreithniú ar Thorthaí na Sraithe Sóisearaí, 2022 – Féach Cuid 7.

Chomh maith leis sin tá litir iniata ó Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an CSS ag lorg do thacaíochta le scrúdaitheoirí a earcú.

2. SEIRBHÍS TORTHAÍ IDIRLÍN D'IARRTHÓIRÍ

Is féidir le hiarrthóirí a dtorthaí a fháil ar líne freisin ag baint úsáid as a scrúduimhir agus as a nUimhir Aitheantais Phearsanta (UAP) a eisíodh níos luaithe. Beidh rochtain ar líne, trí www.examinations.ie, ar fáil ó 4.00 pm Dé Céadaoin an 23ú Samhain 2022. Mar a luadh cheana, níl sé i gceist go nglacfadh seirbhís torthaí na Sraithe Sóisearaí ar líne ionad an róil luachmhar a imríonn scoileanna maidir le torthaí na Sraithe Sóisearaí a sholáthar d'iarrthóirí.

3. STÁDAS SEALADACH NA dTORTHAÍ – RIACHTANAS LE BHEITH SEICEÁILTE AG ÚDARÁS NA SCOILE

Is í 2022 an chéad bhliain ina mbeidh Córas Grádaithe leasaithe na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm do gach ábhar a scrúdaíodh faoi chlár nua na Sraithe Sóisearaí. Is torthaí sealdacha iad na torthaí seo agus tá siad faoi réir seiceála breise. Iarrtar ar údaráis na scoileanna Ráitis na dTorthaí Scrúduithe Sealadacha a scrúdú go cúramach sula dtugann siad iad do na hiarrthóirí. Cuir in iúl don CSS láithreach bonn má tá aon neamhréir shoiléir sna torthaí. **(Féach freisin Codanna 5, 10 agus 13)**.

4. CÓRAS GRÁDAITHE NA SRAITHE SÓISEARAÍ

I mbliana tháinig scrúduithe na Sraithe Sóisearaí curtha ar fáil go seachtrach ar ais ina n-iomláine do na hiarrthóirí uile agus ba í an chéad bhliain iomlán freisin de na scrúduithe sa tSraith Shóisearach athchóirithe. Go dtí 2019, níor scrúdaíodh ach Béarla, Eolaíocht agus Gnó faoin gcuraclam athbhreithnithe. Seachas Gaeilge, Béarla agus Matamaitic a dhéantar a scrúdú ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal, tá na hábhair uile eile de chuid na Sraithe Sóisearaí ag an gComhleibhéal anois.

Sa tábla seo a leanas, tugtar míniú ar chóras grádaithe na Sraithe Sóisearaí.

	An tSraith Shóisearach	
Leibhéal	**Céatadán**	**Grád**
Ardleibhéal, Gnáthleibhéal, Comhleibhéal	≥ 90 go 100	Gradam
	≥ 75 agus < 90	Ardtuillteanas
	≥ 55 agus < 75	Tuillteanas
	≥ 40 agus < 55	Gnóthaithe
	≥ 20 agus < 40	Gnóthaithe go Páirteach
	≥ 0 agus < 20	Neamhghrádaithe (NG)

5. TUAIRISC FHORLÍONTACH

Cuirtear Tuairisc Fhorlíontach ar fáil i leith iarrthóra ar bith a fuair toradh nach bhfuil bunaithe ar gach comhpháirt éigeantach den ábhar agus/nó i leith iarrthóir ar bith a bhfuil nóta míniúcháin in éineacht lena g(h)rád in aon ábhar.

Tá an Tuairisc Fhorlíontach ann mar eolas don iarrthóir agus tá sí clóite ar chúl an Ráitis Shealadaigh faoi Thorthaí Scrúduithe. Tá cóip ar leith curtha ar fáil lena coinneáil sa scoil. Tugann an Tuairisc Fhorlíontach ar aird d'iarrthóirí agus do scoileanna gach cás, in ábhar lena mbaineann níos mó ná aon chomhpháirt éigeantach amháin, nach bhfuil an grád atá bronnta bunaithe ar chomhiomlán na marcanna ó gach comhpháirt éigeantach. Tugtar eolas sa Tuairisc Fhorlíontach faoin gcomhpháirt éigeantach nach bhfuil san áireamh.

Sa chás nach mbíonn an t-eolas a sholáthraítear ar an Tuairisc ag teacht leis an eolas a bhíonn ag an scoil agus ag an iarrthóir (e.g. má bhí an t-iarrthóir i láthair agus má chuir sé/sí obair ar fáil a deirtear nach raibh ar fáil) ba chóir do Phríomhoide na Scoile nó dá (h)ionadaí teagmháil a dhéanamh leis an CSS láithreach ar Uimhir na Líne Cabhrach (féach Cuid 12 a leanann).

Toisc nach n-ullmhaítear tuairiscí forlíontacha ach amháin i gcás roinnt iarrthóirí, d'fhéadfadh sé nach bhfaigheadh an scoil tuairisc ar bith faoi aon iarrthóir. I gcásanna mar sin, gheobhaidh an scoil nóta a dhearbhaíonn Toradh Nialais.

6. ANÓTÁLACHA (NÓTAÍ MÍNITHE)

Faoi scéim na Socruithe Réasúnta, ba chóir a thabhairt faoi deara go n-athraíonn socruithe rochtana áirithe an bonn bunúsach den mheasúnú agus dá bhrí sin d'fhéadfadh anótálacha a bheith ar na torthaí. Tabhair faoi deara le do thoil ag an bpointe seo, nach mbeidh na hanótálacha seo san áireamh i Ráitis na dTorthaí Sealadacha a fhaigheann na hiarrthóirí. D'fhéadfadh anótálacha do scrúduithe ns Sraithe Sóisearaí, 2022, a bheith san áireamh ar Theastais deiridh na Próifíle Gnóthachtála de chuid na Sraithe Sóisearaí nuair a eiseofar na doiciméid seo in am trátha.

7. IARRATAIS AR ATHBHREITHNIÚ AR THORTHAÍ (ACHOMHAIRC)

Bainfidh na coinníollacha seo a leanas le hiarratais ar athbhreithniú ar thorthaí na Sraithe Sóisearaí:

(iii) Ní ghlacann an CSS le hiarratais go díreach ó iarrthóirí, tuismitheoirí nó múinteoirí aonair.

(iv) Ní ghlacfar le hiarratais ach amháin ó Údarás na Scoile. Caithfidh an Príomhoide (nó ionadaí údaraithe) a dheimhniú go bhfuil difríocht shuntasach idir toradh an scrúdaithe agus breithiúnas measta na scoile ar ghnóthachtáil an iarrthóra áirithe sa scrúdú atá i gceist.

Is féidir an fhoirm iarratais a íoslódáil anseo, a chomhlánú, a scanadh, agus a chur isteach chuig an CSS faoin spriocdháta ar ríomhphost. Beidh síniú an Phríomhoide ag teastáil ar achomharc bailí ina ndeimhnítear go bhfuil an t-achomharc ag teastáil mar atá leagtha amach in (ii) thuas.

San fhoirm iarratais, ba chóir go mbeadh scrúduimhir agus ainm gach iarrthóra luaite a mheastar go bhfuil achomharc ag teastáil dó/di agus an t-ábhar agus leibhéal a bhfuil achomharc á dhéanamh air luaite freisin.

Ba chóir gach iarratas ar achomharc a chur ar ríomhphost chuig appeals@examinations.ie tráth nach déanaí ná

5 p.m. Dé Céadaoin, an 30ú Samhain, 2022

Ní dhéanfar iarratais a mheas a fhaightear tar éis an dáta sin.

8. ÁBHAR A CHOINNEÁIL

I bpróiseas an athbreithnithe, tabharfaidh scrúdaitheoir achomhairc (scrúdaitheoir a bhfuil taithí aige/aici nach raibh baint aige/aici leis an script a mharcáil ar dtús), faoi athbhreithniú a dhéanamh ar mharcáil bhunaidh na hoibre a chuir an t-iarrthóir isteach sa scrúdú. Féachfaidh an scrúdaitheoir achomhairc an bhfuil an marc a bhronn an scrúdaitheoir bunaidh ceart agus réasúnta, i gcomhréir leis an scéim mharcála. Má tá sé, bronnfaidh an scrúdaitheoir achomhairc an marc céanna arís. Mura bhfuil sé, bronnfaidh an scrúdaitheoir achomhairc an marc ceart, dar leis/léi.

Tá sé riachtanach nach bhfaigheann údaráis na scoileanna réidh le haon phíosaí praiticiúla ná obair chúrsa nó ná thugann siad iad ar ais d'iarrthóirí go dtí go bhfuil an próiseas achomhairc curtha i gcrích ina iomláine, fiú sa chás nach ndearna iarrthóir achomharc ar thoradh san ábhar sin, má b'fhéidir go mbeidh ar an CSS rochtain a dhéanamh ar an ábhar i rith phróiseas na n-achomharc agus an phróisis a bhaineann le dearbhú cáilíochta. Ar arn gcúis sin, ionas go mbeidh córas na scrúduithe ar ardchaighdeán is gá don scoil leanúint ar aghaidh agus an t-ábhar a stóráil go sábháilte.

9. PRÓIFÍL GNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Ag deireadh an phróisis tuairiscithe sa tSraith Shóisearach i mbliana beidh bronnadh na Próifíle Gnóthachtála de chuid na Sraithe Sóisearaí (PGSS) ar scoláirí. Sa PGSS, tarraingeofar aird agus déanfar tuairisciú ar an ngnóthachtáil thar na comhpháirteanna uile den mheasúnú lena n-áirítear Measúnuithe Rangbhunaithe; Cúrsaí Gearra, Aonaid Foghlama Tosaíochta agus réimsí eile den fhoghlaim, chomh maith le torthaí scrúduithe an CSS.

Sa PGSS, tuairisceofar ar na gráid deiridh a bhronn an CSS tar éis próiseas achomharc na Sraithe Sóisearaí agus na próisis a bhaineann leis a chur i gcrích. Ach, chun an PGSS a chur ar fáil a luaithe agus is féidir, cuirfidh an CSS na torthaí scrúdaithe sealadacha ar fáil don Roinn Oideachais. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh athruithe sna torthaí tar éis achomhairc tionchar a imirt ar eisiúint nó ath-eisiúint dhoiciméid PGSS 2022 i scoileanna.

Beidh tuilleadh eolais á eisiúint chuig scoileanna ón **Roinn Oideachais** maidir leis na socruithe chun doiciméid PGSS 2022 a chur ar fáil i scoileanna.

Tá an PGSS ag teacht in áit an Teastais Shóisearaigh agus mar thoradh air sin ní eisíonn an CSS na teastais seo a thuilleadh.

10. AINM AGUS DÁTA BREITHE

Beidh eolas deiridh thorthaí scrúduithe na Sraithe Sóisearaí á chur ar fáil ag an CSS don Roinn Oideachais sna seachtainí amach romhainn chun é a éascú le Próifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a chur ar fáil.

Is iad an tAinm agus an Dáta Breithe atá ar na Ráitis iniata faoi Thorthaí Scrúduithe Sealadacha a bheidh ar an PGSS deiridh mura gcuirtear in iúl don CSS go bhfuil míchruinneas ann. Seiceáil na mionsonraí seo go cúramach agus cuir an CSS ar an eolas má bhíonn gá le hathruithe.

11. ROCHTAIN AR SCRIPTEANNA SCRÚDAITHE

Faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí, is féidir le hiarrthóirí eolas a fháil lena n-áirítear cóip dá script(eanna) scrúdaithe ón CSS ach iarratas ar rochtain ar shonraí a dhéanamh. Is féidir le hiarrthóirí Iarratas ar Rochtain ar Ábhar a dhéanamh ag baint úsáid as an bhfoirm atá ar fáil ón gcuid faoi Chosaint Sonraí de shuíomh gréasáin an CSS www.examinations.ie.

Faoin reachtaíocht, tá ar an CSS, mar rialaitheoir sonraí, freagairt d'iarratas ar rochtain ar shonraí taobh istigh de 30 lá ón dáta a fhaightear an t-iarratas. Mar sin féin, de réir an dlí, is féidir fad a chur leis an tréimhse go dtí 90 lá, ag brath ar líon agus ar chastacht na n-iarratas a fhaightear. Déanann an CSS aon mhilliún script scrúdaithe scríofa a phróiseáil agus milliún eile de chomhpháirteanna scrúdaithe ábhartha (obair phraiticiúil agus tionscadail; béaltrialacha; feidhmíochtaí, etc.) gach bliain. Déanfaidh an CSS gach iarracht an t-eolas a iarrtar a chur ar fáil taobh istigh de 30 lá agus cuirfidh sé in iúl é d'iarratasóirí más gá fad a chur leis an teorainn ama go dtí 90 lá.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon cheangal idir an próiseas seo agus próiseas na n-achomharc a bhfuil tagairt déanta dó thuas. Ní ghlacfar le hachomhairc dhéanacha.

7. OIBLEAGÁIDÍ BREISE AR SCOILEANNA MAIDIR LE PRÍOBHÁIDEACHAS NA SONRAÍ A CHOIMEÁD MAR GHEALL AR RIALACHÁIN MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ (RGCS)

Mar is eol duit, tá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 lena mbaineann i bhfeidhm anois. Ba chóir caitheamh le gach taifead agus doiciméad (Maitrís Thorthaí na Scoile, Tuairiscí Forlíontacha, etc.) ina bhfuil sonraí pearsanta na n-iarrthóirí ag tabhairt aird iomlán ar rúndácht agus ar shlándáil. Ba chóir a bheith an-chúramach nuair atá rochtain á déanamh ar eolas pearsanta na n-iarrthóirí nuair atá rochtain á déanamh ar Thairseach na Scoileanna agus/ nó ar chóip chrua Mhaitrís na Scoile. Tá riachtanas ann anois d'eagraíochtaí tuairisciú a dhéanamh ar sháruithe ar shonraí chuig na 4 údarás maoirseachta ábhartha, áit a bhfeictear go bhfuil na daoine lena mbaineann i mbaol mar gheall ar an riosca. Áit a mbaineann le hábhar, cuirfidh an CSS in iúl don Choimisinéir Cosanta Sonraí (CCC) laistigh de 72 uair an chloig de sháruithe ar Shonraí a chuirtear in iúl don CSS. Má cheapann tú, le linn rochtain a dhéanamh ar Thorthaí Sealadacha na n-iarrthóirí, go bhféadfadh Sárú ar Shonraí a bheith ann téigh i dteagmháil láithreach bonn le hOifigeach Cosanta Sonraí an CSS trí ríomhphost a sheoladh chuig dpo@examinations.ie.

13. LÍNE CHABHRACH DO SCOILEANNA – UIMHIR SHAORGHLAO

Ba chóir d'Údaráis Scoileanna a bhfuil fiosruithe acu faoi na torthaí a fhaigheann siad teagmháil a dhéanamh leis an CSS ar 090 6442702 nó 090 64 42704.

Beidh an uimhir seo i bhfeidhm ó Dé Céadaoin an 23ú Samhain agus déileálfaidh sí le fiosruithe ó údaráis na scoileanna a bhaineann le saincheisteanna i ndiaidh na dtorthaí.

Go ginearálta, má bhíonn fiosrúcháin ag iarrthóirí nó ag a dtuismitheoirí a éilíonn teagmháil leis an CSS, is trí údarás na scoile cuí is cóir iad a phróiseáil de ghnáth. Ba chóir a chur in iúl do na hiarrthóirí nó dá dtuismitheoirí ar mian leo teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an CSS mar sin féin, glaoch ar 090 6442826 nó ar 090 6442700 (an lasc-chlár) nó ríomhphost a sheoladh chuig info@examinations.ie.

Go raibh maith agat as do chomhoibriú.

Richard Dolan
Stiúrthóir, Rannóg Oibríochtaí
Samhain 2022